RAMELTON FLOOD RELIEF SCHEME

Comhairle Contae Dhún na nGall Donegal County Council

Tionscadal Éireann Project Ireland 2040

OPW Oifig na nOibreacha Poiblí Office of Public Works

# Scéim Faoisimh Tuilte Ráth Mealtain



## Nuachtlitir Bealtaine 2025

SAN EAGRÁN SEO


| | |
|---|---|
| Samhaltú Hiodrálach & Imscrúdaithe Talaimh | Ich 2 |
| Roghnúchán & Gníomhaíochtaí Timpeallachta | Ich 3 |
| Na Chéad Chéimeanna Eile | Ich 4 |


# An Scéal Is Déanaí

Seo an tríú nuachtlitir déag do Scéim Faoisimh Tuilte Ráth Mealtain. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí a rinneadh ó foilsíodh an nuachtlitir dheiridh áirítear measúnú ar roghanna agus gníomhaíochtaí timpeallachta.

# Samhaltú Hiodrálach

Forbraíodh an tsamhail hiodrálach do Ráth Mealtain agus rinneadh tástáil uirthi.. Déanann an tsamhail macasamhlú ar choinníollacha tuilte agus cuidíonn sí le tuiscint a fháil ar thionchair fhéideartha ó eachtraí tuilte amach anseo don chósta agus d'aibhneacha araon. Chomh maith leis sin, bainfear úsáid as an tsamhail le héifeachtúlacht beart faoisimh tuilte féideartha a mheas.



Abhainn Ráth Mealtain

# Suirbhéireachtaí agus Imscrúduithe

D'aithin an fhoireann tionscadail ceantair le haghaidh tuilleadh imscrúdaithe i gconradh imscrúdaithe talaimh. Cuirfidh sé seo eolas ar fáil faoi choinníollacha talaimh riachtanacha le dearadh agus measúnachtaí a dhéanamh. Ullmhóidh agus déanfaidh speisialtóirí Measúnacht Tionchair Seandálaíochta (AIA) agus scagadh Measúnaithe Cuí (AA) le tionchair ó na imscrúduithe diúltacha féideartha ó na himscrúduithe ar a dtimpeallacht máguaird a mheas. Táthar ag súil go ndéanfar na suirbhéireachtaí imscrúdaithe talaimh níos moille in 2025.

Déanfar suirbhéireacht sruth éalaithe feadh Bhalla an Ché agus aibhneacha le heolas a chur ar fáil d'fhorbairt deartha na scéime.

# Roghnúchán

Tá obair ar siúl ar chéim roghnúcháin na scéime. Baineann an chéad chuid den chéim seo le hathbhreithniú ar gach beart faoisimh tuilte féideartha agus gearrliosta de na bearta sin a fhorbairt. Déantar scagadh agus measúnú ar gach beart maidir lena hindéantacht trí shamhaltú hiodrálach, le réitigh fóirsteanacha a aithint le limistéar na scéime a chosaint ar thuilte agus a thugann roghanna inmharthana don scéim.

De réir mar a théann an measúnú ar aghaidh, déanfar na roghanna a bheachtú.

Is ionann  Réitigh Bunaithe ar an Nádúr (a tugadh Bearta Coinneála Uisce Nádúrtha orthu roimhe seo) agus "réitigh atá spreagtha agus tacaithe ag an dúlra, atá éifeachtúil ó thaobh costas de, a sholáthraíonn buntáistí, sóisialta agus eacnamaíocha ag an am céanna agus a chuidíonn le hacmhainneacht a fhorbairt" (An Coimisiún Eorpach, 2023). Cuirfear bearta inmharthana ón staidéar san áireamh i measúnú roghanna Ráth Mealtain



Cearnóg Gamble

# Gníomhaíochtaí Timpeallachta

Cuireadh an chéad chonradh 3 bliana le speicis ionracha a laghdú amhail Glúineach Bhiorach agus Balsam Himiléach i gcrích in 2024. Moltar go mbeidh bearta cóireála breise ann le míonna an tsamhraidh agus an obair le tosú i Mí an Meithimh.

# Na Chéad Chéimeanna Eile

**Sna míonna atá romhainn, beidh an Fhoireann Tionscadail ag obair ar:**

**Measúnacht agus Forbairt Roghnúcháin**
- **Samhaltú Hiodrálach ar Roghanna Faoisimh Tuilte**
- **Conradh um Imscrúduithe Talaimh**

**Suirbhéireacht Sruthanna Éalaithe**

# Déan Teagmháil Linn

Más mian leat teagmháil a dhéanamh leis an Fhoireann Tionscadail s'againn i dtaca le ceist ar bith a bhaineann le Scéim Cosanta Tuilte Ráth Mealtain, tig sin a dhéanamh ar na bealaí seo a leanas:

## Rphost

RameltonFRS@Ayesa.com

## Gnáthphost

Bainisteoir Tionscadail Scéim Faoisimh Tuilte Ráth Mealtain

Ayesa
Building 2100

Páirc Ghnó Aerfort Chorcaí

Bóthar Chionn tSáile Corcaigh

## Fón

+353 (0) 21 240 7988

Más mian leat aon eolas eile a fháil i dtaca leis an Scéim, lena n-áirítear an clár, tabhair cuairt ar an tsuíomh gréasáin s'againn:

www.floodinfo.ie/frs/en/ramelton/home/